CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1834 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Deireadh Fómhair 2021

lena gceaptar seisear comhaltaíagus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na hIodáile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa,

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 19 Bealtaine 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/682 ([3]), lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún ([4]). An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/2076 lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún,

(3) Tá suíocháin seisear comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Massimiliano FEDRIGA, do Christian SOLINAS agus do Donato TOMA éirí as oifig agus ar dhul in éag don sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Manuela BORA, Enrico ROSSI agus Alessandra SARTORE a cheapadh,

(4) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Vincenzo DE LUCA, do Domenico GIANNETTA agus do Arno KOMPATSCHER éirí as oifig agus ar dhul in éag don sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Pierluigi MARQUIS a cheapadh,

(5) Mhol Rialtas na hIodáile na daoine a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Guido CASTELLI, *Assessore della Regione Marche* (Aire Réigiúnach Réigiún Marche), Michele EMILIANO, *Presidente della Regione Puglia* (Uachtarán Réigiún Puglia) agus Eugenio GIANI, *Presidente della Regione Toscana* (Uachtarán Réigiún Toscana),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/682 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 lena gceaptar, comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún (IO L 161, 25.5.2020, lch. 9).

([4]) Cinneadh (AE) 2020/2076 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún (IO L 424, 15.12.2020, lch. 55).

(6) Mhol Rialtas na hIodáile Nicola CAPUTO, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Assessore della Regione Campania* (Aire Réigiúnach Réigiún Campania) mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

(7) Mhol Rialtas na hIodáile Luciano Emilio CAVERI, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Assessore e Consigliere della Regione autonoma Valle d'Aosta* (Aire Réigiúnach agus Comhairleoir Réigiún Féinrialaitheach Valle d'Aosta) mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

(8) Mhol Rialtas na hIodáile Arno KOMPATSCHER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Consigliere della Provincia autonoma di Bolzano – Presidente della Regione Trentino Alto-Adige e della Provincia autonoma di Bolzano* (Comhairleoir Chúige Féinrialaitheach Bolzano – Uachtarán Réigiún Trentino Alto-Adige agus Chúige Féinrialaitheach Bolzano), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

(9) Mhol Rialtas na hIodáile Christian SOLINAS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Presidente della Regione Sardegna* (Uachtarán Réigiún Sardegna), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún go dtí an 28 Feabhra 2024,

(10) Mhol Rialtas na hIodáile Donatella TESEI, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Presidente della Regione Umbria* (Uachtarán Réigiún Umbria), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024,

(11) Mhol Rialtas na hIodáile Donato TOMA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Presidente della Regione Molise* (Uachtarán Réigiún Molise), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún go dtí an 30 Aibreán 2023,

(12) Mhol Rialtas na hIodáile Nicola ZINGARETTI, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Presidente della Regione Lazio* (Uachtarán Réigiún Lazio), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Márta 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa chuig Coiste na Réigiún:

(a) mar chomhaltaí:

— Guido CASTELLI, *Assessore della Regione Marche* (Aire Réigiúnach Réigiún Marche), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

— Michele EMILIANO, *Presidente della Regione Puglia* (Uachtarán Réigiún Puglia), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

— Eugenio GIANI, *Presidente della Regione Toscana* (Uachtarán Réigiún Toscana), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

— Arno KOMPATSCHER, *Consigliere della Provincia autonoma di Bolzano – Presidente della Regione Trentino Alto-Adige e della Provincia autonoma di Bolzano* (Comhairleoir Chúige Féinrialaitheach Bolzano – Uachtarán Réigiún Trentino Alto-Adige agus Chúige Féinrialaitheach Bolzano) (athrú sainordaithe), go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023,

— Donatella TESEI, *Presidente della Regione Umbria* (Uachtarán Réigiún Umbria), go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024,

— Nicola ZINGARETTI, *Presidente della Regione Lazio* (Uachtarán Réigiún Lazio), go dtí an 31 Márta 2023,

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Nicola CAPUTO, *Assessore della Regione Campania* (Aire Réigiúnach Réigiún Campania), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

— Luciano Emilio CAVERI, *Assessore e Consigliere della Regione autonoma Valle d'Aosta* (Aire Réigiúnach agus Comhairleoir Réigiún Féinrialaitheach Valle d'Aosta), ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

— Christian SOLINAS, *Presidente della Regione Sardegna* (Uachtarán Réigiún Sardegna), go dtí an 28 Feabhra 2024 (athrú sainordaithe),

— Donato TOMA, *Presidente della Regione Molise* (Uachtarán Réigiún Molise) go dtí an 30 Aibreán 2023 (athrú sainordaithe).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 6 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. VIZJAK